Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Mí

2024 2029

comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Ábhar

Réamhfhocal	1	Creat Oibriúcháin i gcomhair Seachadta	20
Ár bhFís	3	Monatóireacht agus Tuairisciú	22
Ár Misean	4	Comhaltaí Tofa	23
Ár gCroí-Luachanna	5	Aguisín A	25
An Mhí – Próifíl Shocheacnamaíoch	8	Aguisín B	40
Ceantair Bhardasacha	9	Aguisín C	41
Struchtúr Oibriúcháin	10	Aguisín D	44
Struchtúr Eagrúcháin	11	Aguisín E	48
Cuspóirí Straitéiseacha	12	Aguisín F	49

Réamhfhocal

Kieran Kehoe
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Chontae na Mí

Leagtar amach cúrsa uaillmhianach do Chontae na Mí as seo go ceann cúig bliana sa Phlean Corparáideach seo. Táimid meáite ar an bhfís seo a thabhairt chun críche, cloí lenár luachanna, agus gach ceann dár gcuspóirí a bhaint amach, diaidh ar ndiaidh.

Táimid ag díriú ar an rud céanna i gcónaí, réitigh tithíochta ar ardchaighdeán a sheachadadh, a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla ár bpobail. Ach leanúint ag sárú na spriocanna náisiúnta a sannadh dúinn agus straitéisí nuálacha a ghlacadh chun tithíocht a sheachadadh, chun réadmhaoin thréigthe a fháil, agus tithíocht aoisbhách, leanfaimid ag déanamh gaiscí móra chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin tithíochta.

Beidh an Mhí mar cheannaire againn le haghaidh cruthú post agus leagfaimid síos slat tomhais le haghaidh forbairt eacnamaíoch tríd an Thrive Centre for Business Excellence (*Ionad Breisithe um Shármhaitheas sa Ghnó)*. Táimid dírithe ar chultúr a chothú ina spreagtar an nuálaíocht agus ina gcruthaítear timpeallacht ina dtiomáineann an diongbháilteacht agus an uaillmhian ár bhfás eacnamaíoch.

Beidh an Mhí mar phríomhcheann scríbe sa tír don turasóireacht eispéireasach, agus bainfear leas as na láithreáin oidhreachta den scoth, as na limistéir bhreátha cósta, an pháirc siamsaíochta a bhfuil ardmholadh faighte aici, agus an earnáil bhia agus fháilteachais den scoth atá sa chontae. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar an ngné tharraingteach sin le sceideal féilte agus imeachtaí ar feadh na bliana, a chinnteoidh go bhfaighidh cuairteoirí eispéiris speisialta a gcuimhneoidh siad orthu go brách uair ar bith a thugann siad cuairt orainn.

Táimid tiomanta do na spriocanna uaillmhianacha atá inár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach chun a chinntiú go mbeidh an Mhí mar cheannródaí ar an inbhuanaitheacht, ar shlándáil fuinnimh, agus ar an ngeilleagar ciorclach. Leis na naoi gCrios Dícharbónaithe atá againn, tairgtear cur chuige cothrom agus cóir maidir le hastaíochtaí a laghdú agus beidh siad ar fáil chun smaointe nua a thástáil le haghaidh na dtionscnamh éagsúil don ghníomhú ar son na haeráide.

Rud lárnach dár rath roimhe seo ba ea an caidreamh neamhspleách idir an Príomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Tofa. Bhí an chomhpháirtíocht sin, atá fréamhaithe i bhfís chomhroinnte agus i dtiomantas do leas an phobail, mar chloch choirnéil dár gcur chuige maidir le rialachas agus táimid ag tnúth leanúint den chaidreamh sin leis an gComhairle as seo go ceann cúig bliana.

Do na Comhaltaí Tofa, don Fhoireann Bainistíochta, Foireann na Comhairle, agus do na daoine agus na heagraíochtaí uilig a bhíonn ag obair linn agus a bhfuil an iomarca acu ann le hainmniú, cinnteoimid lenár bpaisean comónta, ár bhfís, agus ár n-obair chrua gur féidir linn le chéile, an Mhí a Dhéanamh Níos Fearr Fós.

Plean Corparáideach Chomhairle
Chontae na Mí 2024 - 2029

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Mí, cuirim fáilte roimh fhoilsiú ár bPlean Chorparáidigh 2024 – 2029. Ní hamháin gur creat straitéiseach i gcomhair gníomhaíochta é an Plean seo, ach tá fís dhána ann ina léirítear ár síor-iarrachtaí chun na barrmhaitheasa.

Tá acmhainn thar cuimse sa Mhí – idir an daonra óg, éagsúil atá ag dul i méid, an bonneagar láidir, agus oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha nach bhfuil a sárú le fáil. Cé go n-aithnímid na dúshláin atá romhainn, tá an Chomhairle tiomanta an Mhí a chur chun cinn ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana, agus roghnóidh duine an Mhí le cónaí ann, le dul ag obair ann, chun cuairt a thabhairt air, agus chun gnó a dhéanamh ann.

I gcomhréir lenár bhfís le haghaidh Contae bisiúil agus cuimsitheach, cuirimid béim mhór ar an éagsúlacht a chur chun cinn sa pholaitíocht. Ag aithint an róil chriticiúil a bhíonn ag guthanna éagsúla maidir le pobal dinimiciúil a mhúnlú a bhfuil an-teacht aniar sna daoine ann, táimid meáite ar bheartais agus tionscnaimh a chur chun feidhme lena spreagtar agus lena n-éascaítear rannpháirtíocht grúpaí a ndéantar gannionadaíocht orthu i bpróisis pholaitiúla. Díreoimid ár n-iarrachtaí ar dheireadh a chur le bacainní ar iontráil agus cruthóimid timpeallacht ina mothóidh gach duine, beag beann ar inscne, eitneacht, nó cúlra, go bhfuil an chumhacht acu cur leis an tírdhreach polaitiúil.

Le roinnt blianta anuas, ní hamháin gur bhunaigh Comhairle Chontae na Mí oidhreacht rathúlachta den scoth ach bhain sí cáil fhorleathan amach freisin de bharr an iliomad tionscnamh. Léirítear lenár dturas go dtí seo mar sin an cumas atá againn gaiscí a bhaint amach agus tabhairt faoin nuálaíocht. Agus muid ag dul ar aghaidh, beimid ag iarraidh tógáil ar an mbunchloch sin agus muid níos díograisí ná riamh. Thar ceann na gComhaltaí Tofa, ba mhaith liom béim a chur ar ár dtiomantas tabhairt faoin gcosán uaillmhianach seo, á spreagadh ag creidiúint chomhroinnte inár gcumas rath thar cuimse a bhaint amach. Tá fís dhána agus fhairsing againn don todhchaí, ag léiriú uaillmhianta ár gcomhairle agus na bpobal ar a bhfreastalaímid araon.

An Comh. Sharon Tolan
Cathaoirleach
Comhairle Chontae na Mí

Ár bhFís

An Mhí Níos Fearr Fós

Ár Misean

Uaillmhian agus fís Chomhairle Chontae na Mí a sholáthar trí cheannaireacht shibhialta láidir, nuálaíoch, agus gníomh an phobail agus seasamh leis na caighdeáin ionracais, sláine, agus cuntasachta is airde ag an am céanna.

Plean Corparáideach Chomhairle
Chontae na Mí 2024 - 2029

Ár gCroí-Luachanna

Sármhaitheas agus Uaillmhian

Tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta do sheirbhísí poiblí a sheachadadh dár saoránaigh, á dtiomáint ag uaillmhian agus ag an sármhaitheas.

Ceannaireacht agus Nuálaíocht

Cuireann Comhairle Chontae na Mí ceannaireacht agus nuálaíocht éifeachtach chun cinn chun smaointe agus réitigh nua a iniúchadh.

Ionracas agus Macántacht

Seasfaidh Comhairle Chontae na Mí leis na caighdeáin ionracais agus macántachta is airde inár n-eagraíocht agus chun ár sainordú daonlathach a sheachadadh.

Inbhuanaitheacht agus Freagracht

Tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta an bealach a leagan roimpi chun bheith ina ceannaire pobail freagrach chun timpeallacht inbhuanaithe, geilleagar láidir, cultúr bríomhar agus pobail aoisbháúla inmharthana a chruthú

Comhionannas agus Ionchuimsitheacht

Cruthóidh Comhairle Chontae na Mí timpeallacht chuimsitheach dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár bhfoireann, áit a seastar leis an gcomhionannas, agus ina dtugtar ómós don éagsúlacht.

Próifíl Shocheacnamaíoch

Sé Cheantar Bhardasacha



DISCOVER BOYNE VALLEY
Birthplace of Ireland's Ancient East

Ceann de na príomhchinn-scríbe eispéireasacha ar domhan

5,000 bliain i gcúrsaí bia, áit ina bhfuil gréasán bia agus dí

Boyne Valley Flavours, Féile Bhia agus Chultúir na Samhna agus Lárionad don Chultúr Bia

3 **Líne Iarnróid**

20 **nóiméad ó Aerfort Bhaile Átha Cliath**

4 **Mótarbhealaí**

Ba é seo daonra na Mí in 2022

220,826

Fás 2011 go 2022 - méadú

19.9%. 11% Saoránaigh nach as Éirinn dóibh

20% de dhaonra an Chontae a bhfuil míchumas amháin ar a laghad ag dul dóibh

59%

An **céatadán is airde** den daonra ag obair in aon chontae in Éirinn 2022

Meath
The place & space to thrive

Cumas Eacnamaíoch Suntasach

Ceantair Bhardasacha (CB)



Tá Ceantair Bhardasacha, ina gcuimsítear bailte agus a gcúlchríoch deartha chun maoirseacht a dhéanamh ar líon mór seirbhísí tábhachtacha atá dírithe ar an saoránach. Chun tacaíocht a thabhairt d'obair na gcomhaltaí tofa sna ceantair sin, tá Ciste Lánroghnach na gComhaltaí ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail áitiúla.

Ina theannta sin, chun tacaíocht bhreise a thabhairt don tsamhail a bhaineann le ceantar bardasach, soláthraítear an leithdháileadh lánroghnach ginearálta bardasach tríd an bpróiseas buiséid. Is féidir leas a bhaint as an leithdháileadh sin le haghaidh tograí mionoibreacha, cosúil le feabhas a chur ar eastáit tithíochta, cosáin, nó bóithre áitiúla, rud ar féidir leo tionchar dearfach nach beag a bheith acu ar cháilíocht saoil na n-áitritheoirí.

Struchtúr Oibriúcháin



Struchtúr Eagrúcháin

Príomhfheidhmeannach

Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Airgeadais agus Córais Faisnéise

- Seirbhísí Airgeadais
- Faisnéis Soláthair
- Córais
- CB na hInse/Bhaile an Bhiataigh

Stiúrthóir Seirbhísí
Rialachas Corparáideach, Bainistíocht AD & Seirbhísí Éigeandála

- Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas Corparáideach
- Acmhainní Daonna, Foghlaim & Forbairt
- Seirbhísí Éigeandála
- CB Bhaile Átha Troim

Stiúrthóir Seirbhísí
Gníomhú ar son na hAeráide, Cultúr, Pobal & Gnóthaí Gaeltachta

- Gníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Comhshaoil & Uisce
- Leabharlann, na hEalaíona & Cultúr
- Forbairt Pobail, LAIT & Gnóthaí Gaeltachta
- CB Chill Dhéagláin

Stiúrthóir Seirbhísí
Iompar, Athghiniúint Uirbeach & Bainistíocht Sócmhainní

- Iompar
- Athghiniúint Uirbeach & Taisteal Gníomhach
- Bainistíocht Sócmhainní
- CB na hUaimhe

Stiúrthóir Seirbhísí
Forbairt Eacnamaíoch, Athghiniúint Tuaithe & Gnóthaí AE

- Forbairt Eacnamaíoch & Turasóireacht
- Athghiniúint Tuaithe, Lár Bailte Ar dTús
- Gnóthaí Eorpacha
- CB Cheanannais

Stiúrthóir Seirbhísí
Seachadadh & Tacaíocht Tithíochta

- Tacaíocht um Thithíocht Shóisialta & Easpa Dídine
- Scéimeanna Caipitil Tithíochta
- IPAS Cóiríocht
- CB Ráth Tó

Stiúrthóir Seirbhísí
Tionscadail Phleanála & Straitéiseacha

- Bainistíocht Forbartha
- Pleanáil Chun Cinn
- Forfheidhmiú & Rialú Tógála
- Tionscadail Straitéiseacha, Oidhreacht & Caomhnú

Príomhoifigeach

Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann

Tithe Aoisbhá Folláine

Aoisbhá Éireann

Age Friendly IRELAND

Cuspóirí Straitéiseacha



Seirbhís Phoiblí

a Sheachadadh

Soláthróidh Comhairle Chontae na Mí seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán dár saoránaigh trí scoth na foirne, an nuálaíocht, agus réitigh dhigiteacha agus seasfaimid le prionsabail an ionracais agus na macántachta.

7 bprionsabal an rialachais chorparáidigh mar a leagtar amach i gCód Rialachais an Rialtais Áitiúil a chur chun feidhme agus a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí reachtúla, lena n-áirítear trí RGCS, Nochtuithe Cosanta, Saoráil Faisnéise, etc.

Na huaillmhianta agus na spriocanna sa Straitéis Náisiúnta TFC agus Dhigiteach a sheachadadh mar atá cuimsithe i Straitéis Dhigiteach na Mí, chun freastal ar riachtanais agus ar uaillmhianta mhuintir Chontae na Mí, ag cur ar a gcumas tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí agus bonneagar digiteach ar fud an chontae.

Sástacht custaiméirí a fheabhsú tríd an gCairt do Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur chun feidhme, rud lena gcinnteofar go seachadfar seirbhísí den scoth dár gcustaiméirí ar fad.

Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe

Cruthóidh Comhairle Chontae na Mí contae atá bríomhar agus inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch a chuireann ar chumas ár ndaoine agus ar ngnólachtaí dul i dtreis.

Seachadfaidh sí fís agus gníomhaíochtaí na Straitéise Forbartha Eacnamaíche, agus bogfaidh sí an Mhí chun cinn isteach sa chéad chéim eile de bheith ‘ar an áit agus an spás chun treisiú’ do chách, agus cuirfear dálaí athraithe margaidh, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus deiseanna nua san áireamh.

Cuirfidh sí an straitéis iompair chun cinn lena n-áirítear aistriú córa iompair i dtreo taistil ghníomhaigh agus cuirfear chun feidhme an Clár Lár Bailte Ar dTús, ag cinntiú go bhfónfaidh ár mbailte mar mhoil shóisialta, chultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil.

Feabhsófar an cháilíocht saoil trí na healaíona, an cultúr agus an turasóireacht a chur chun cinn agus a chomhtháthú agus seachadfar na cuspóirí i bPlean Forbartha Ealaíon Chontae na Mí agus i Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne.

Tithíocht

a Sheachadadh

Éascóidh agus cuirfidh Comhairle Chontae na Mí straitéis tithíochta láidir agus inbhuanaithe chun cinn lena mbeartaítear agus lena bhforáiltear do riachtanais tithíochta ár saoránach.

Cuirfidh sí chun feidhme agus seachadfaidh sí an fhís agus na cuspóirí i Straitéis Tithíochta na Mí agus sa Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, chun pleanáil go héifeachtach do riachtanais tithíochta ár saoránach uile agus iad a chomhlíonadh.

Seachadfaidh sí na físeanna agus na huaillmhianta i bPlean Gníomhaíochta Easpa Dídine Réigiún Lár an Oirthir chun easpa dídine a chosc agus a laghdú laistigh dár gcontae.

Seachadfaidh sí an fhís sa Chroí-Straitéis ionas go dtacófar leis na pleananna chun pobail fhorásacha, bhríomhara, dinimiciúla, agus folláine ar bhonn socheacnamaíoch a chruthú ar fud an Chontae agus chun a chinntiú go mbeidh fás sa todhchaí bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena seachadtar timpeallacht maireachtála agus oibre d'ardchaighdeán a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcónaitheoirí uile.

Gníomhú

ar son na hAeráide

Stiúrfaidh Comhairle Chontae na Mí an fhorbairt ar gheilleagar a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide, a bheidh saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta, a bheidh inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil, agus a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide i gContae na Mí.

Seachadfaidh sí an fhís agus an misean i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Mí agus comhlíonfaidh sí ár spriocanna uaillmhianacha chun astaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

Cuirfidh sí tionscnaimh inbhuanaitheachta chun feidhme laistigh de na naoi gcrios dícharbónaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, fuinneamh a choigilt agus dramhaíl a laghdú.

Déanfaidh sí athbhreithniú agus cuirfidh sí chun feidhme Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil na Mí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí chun a chinntiú go gcaomhnófar gnáthóga agus speicis.

Éagsúlacht agus Comhtháthú

Cuirfidh Comhairle Chontae na Mí comhtháthú agus ionchuimsiú chun cinn i ngach pobal sa Chontae agus stiúrfaidh sí cultúr rannpháirtíochta gníomhaí agus tacaíochta le ceannairí pobail, lena n-áirítear iad sin inár limistéir Ghaeltachta, chun go mothóidh gach duine go bhfuil sé fiúntach agus nasctha.

Cuirfidh sí fothú acmhainne chun cinn inár bpobail trí dheontais phobail, Gradaim Mórtais Áite a bhíonn ar siúl gach bliain agus cothóidh sí comhpháirtíochtaí straitéiseacha le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí na Mí (LRP) agus leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ).

Cuirfidh sí tionscnaimh ionchuimsithe, comhionannais, agus idirghníomhaireachta chun cinn chun pobail níos sábháilte, níos comhtháite, agus a bheidh nasctha ar bhonn sóisialta a chruthú agus cinnteoidh sí go mbeidh fáil ag gach duine ar ár seirbhísí, ár gcumarsáid agus ár bhfoirgnimh chathrach.

Neartóidh sí an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail inár limistéir Ghaeltachta agus forbróidh agus cuirfidh sí Plean Bailte Seirbhíse Gaeltachta chun feidhme don Uaimh.

Sainordú Daonlathach

Oibreoidh Comhairle Chontae na Mí go réamhghníomhach i gcomhpháirt le gach páirtí leasmhar chun sainordú daonlathach na Comhairle a chomhlíonadh.

Éascóidh sí ról cinnteoireachta na gComhaltaí Tofa agus tacóidh sí leis na comhaltaí chun a sainordú daonlathach a chomhlíonadh trí chlár oiliúna cuimsitheach agus úsáid níos mó as seisiúin agus as ceardlanna eolais.

Feabhsóidh sí rannpháirtíocht an phobail agus ionchuimsiú i bpróisis chinnteoireachta áitiúla trí phrionsabail agus treoir chomhairliúcháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chun feidhme, chun an rialachas áitiúil a threisiú trí rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail a mhéadú i gcinnteoireacht.

Cuirfidh sí an fhís agus na cuspóirí i straitéis cumarsáide Chomhairle Chontae na Mí chun feidhme, arb é is aidhm di saoránaigh a chur ar an eolas go héifeachtach faoin raon éagsúil seirbhísí a thairgeann an t-údarás áitiúil agus a thaispeánfaidh ár bhfeidhmíocht maidir leis na seirbhísí sin a sheachadadh.

Seirbhís Chomhroinnte

Aoisbhá Éireann

Faoi shainchúram na Seirbhíse Comhroinnte d'Aoisbhá Éireann, leagfaidh Comhairle Chontae na Mí tagarmharc domhanda síos chun timpeallacht ionchuimsitheach, inrochtana, agus thacúil a chruthú dár ndaonra sa Chontae atá ag dul in aois.

Leanfaidh sí d'Éirinn a shuí mar cheannaire Domhanda agus coimeádfaidh sí a hainmniú ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte mar an chéad Tír Aoisbhá atá cleamhnaithe go hiomlán ar domhan mar fhreagra ar dhaonra na hÉireann atá ag dul in aois go tapa.

Éascóidh sí údaráis áitiúla chun an stiúir a ghlacadh ar smaointeoireacht athraithe maidir leis an aosú, agus conas a bheartaítear agus a sheachadtar seirbhísí poiblí do dhaonra atá ag dul in aois.

Seachadfaidh sí an uaillmhian sa Chlár Aoisbhá Sláintiúil chun cur ar chumas gach duine saol níos folláine níos faide a chaitheamh tríd an gcúram a choimeád ag baile agus an raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a leathnú sa phobal.

Creat Oibriúcháin i gcomhair Seachadta

Leagtar amach sa phlean seo ár spriocanna uaillmhianacha agus tugtar achoimre ann dár dtiomantas don fhás, don nuálaíocht, agus don fheabhas leanúnach. Tá ár n-uaillmhian ar aon dul lenár gcroí-luachanna agus fís, ag fónamh mar ré threoraithe don phleanáil agus don chur i gcrích uile ina dhiaidh sin.

Céatadán d'Ioncam ó Ioncam 2024



Réamh-mheastar go gcaithfidh an Chomhairle níos mó ná **€1 billiún** i gcaiteachas ioncaim ar feadh shaolré an phlean seo. Ina theannta sin, cuireadh breis is **€1.3 billiún** ar fáil sa Chlár Infheistíochta Caipitil 2024 – 2027.

Mar bhonn taca ag an ngealltanas uaillmhianach airgeadais beidh cleachtais bainistíochta buiséid láidre agus cur chuige réamhghníomhach ann chun deontais iomaíocha a bhaint amach. Beidh ról ríthábhachtach ag leithdháileadh iomchuí na n-acmhainní airgeadais sin chun a chinntiú nach amháin go gcomhlíonfaidh an Chomhairle a cuspóirí, ach go leagfaidh sí tagarmharcanna nua síos freisin le bheith rathúil.

2024 Achoimre ar Chaiteachas Ioncaim de réir Rannáin



Rannán Seirbhíse	Caiteachas 2024	Caiteachas 2025	Caiteachas 2026	Caiteachas 2027	Caiteachas Iomlán 2024-2027
A. Tithíocht & Tógáil	185,572,167	224,848,633	243,618,688	259,749,880	913,789,368
B. Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	38,860,000	50,046,000	49,460,000	58,700,000	197,066,000
D. Bainistíocht Forbartha	10,970,000	8,092,500	3,940,000	4,145,000	27,147,500
E. Cosaint an Chomhshaoil	14,525,000	16,445,000	20,330,000	8,040,000	59,340,000
F. Caitheamh Aimsire & Áineas	15,455,643	24,005,235	26,607,500	46,871,000	114,939,378
H. Seirbhísí Ilghnéitheacha	2,280,000	12,530,000	22,780,000	2,930,000	40,520,000
	267,662,810	**335,967,368**	**368,736,188**	**380,435,880**	**1,352,802,246**

Déanfaidh Comhairle Chontae na Mí na nithe seo a leanas...

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)
Na SFInna a chomhtháthú i ngach gné dár seachadadh seirbhíse agus a chinntiú go gcuirfidh Clár Oibre 2030 bonn eolais faoi gach beartas agus straitéis sa todhchaí

Gníomhú ar son na hAeráide
Seachadfaimid ar ár Spriocanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus ar na Cuspóirí i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Mí

Aoisbháúil
Glacfaimid an stiúir ar an smaointeoireacht a athrú maidir le haosú, agus an chaoi a ndéantar seirbhísí poiblí a phleanáil agus a sheachadadh le haghaidh daonra atá ag dul in aois agus seachadfaimid an uaillmhian sa Chlár um Aoisbhá Folláin chun cur ar chumas gach aon duine saol níos folláine agus níos faide a chaitheamh trí bheith gar do bhaile agus an raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta sa phobal a leathnú

Nuálaíocht Dhigiteach
Cuirfimid an nuálaíocht dhigiteach chun feidhme chun a chinntiú go dtreisíonn an Chomhairle sa ré dhigiteach

Dualgas na Seirbhíse Poiblí maidir le Cearta an Duine
Cuirfimid comhionannas chun cinn, cuirfimid cosc ar idirdhealú agus tabharfaimid cosaint do chearta daonna ár bhfostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann ár mbeartais agus ár bpleananna difear dóibh. Tugtar cuntas in Aguisín C ar ár n-iarrachtaí go dtí seo agus leagtar amach ár gclár oibre don bhliain seo romhainn

Prionsabail Rialachais & Creat Rialachais Leabóimid tuilleadh an dea-rialachas maidir lenár dtosaíochtaí a sheachadadh agus ár gcuspóirí a bhaint amach, agus iompróimid muid féin le hionracas, agus oibreoimid ar mhaithe le leas an phobail agus ar bhealaí a bheidh comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus beartais an rialtais

Ag Obair i gComhar
Oibreoimid i gcomhar lenár gComhaltaí Tofa, an CFPÁ, An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail, na CBSanna, LRP, Grúpaí Pobail agus Deonacha agus gníomhaireachtaí stáit eile

Acmhainní Foirne
Fostóimid lucht oibre éagsúil a thugann tús áite do thallann a fháil, d'fhorbairt foirne, agus d'fholláine fostaithe chun timpeallacht oibre bríomhar biseach a chinntiú

Monatóireacht agus Tuairisciú

Tá sé riachtanach go mbeadh an tsolúbthacht is gá sa Plean Corparáideach chun dul in oiriúint do thimpeallacht atá ag athrú. Tá an fhís, an misean, agus na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa Phlean deartha le solúbthacht dhinimiciúil chun freastal d'aon imeachtaí gan choinne.

Beidh an Feidhmeannas, ag obair leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach, freagrach tríd is tríd as cur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh. Chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú inár ndul chun cinn i dtreo cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha, tabharfaimid faoi chreat cuimsitheach monatóireachta agus tuairiscithe. Tá an Chomhairle tiomanta do thuairisciú ar ár ndul chun cinn trí thuarascálacha bainistíochta míosúla a fhoilsiú agus trí Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle ag a mbeidh baint dhíreach leis an cuspóirí straitéiseacha a bhfuil achoimre orthu sa phlean seo. I measc na modhanna eile chun feidhmíocht a thomhas tá athbhreithniú leanúnach ar tháscairí feidhmíochta NOAC, ar thuarascálacha grinnfhiosrúcháin, agus tuarascálacha ar an gcód caiteachais phoiblí, chomh maith le moltaí atá áirithe i dtuarascálacha Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil a chur chun feidhme, tuarascálacha Iniúchóireachta agus an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil. Leis an bpleanáil mhionsonraithe agus leis an straitéis feidhmithe sin beidh deis againn torthaí inláimhsithe a dhéanamh dár gcuspóirí uileghabhálacha, ag cinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí na Comhairle ailínithe i gcónaí lenár misean agus freagrúil do riachtanais ár saoránach. Maidir leis na mionsonraí a bhaineann leis na straitéisí agus na beartais atá mar bhonn taca ag an bplean seo, mar atá mionsonraithe in Aguisín A den doiciméad seo, déanfar athbhreithniú bliantúil orthu sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil agus tabharfar tuairisc orthu mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle. Ina theannta sin, táimid meáite ar na tionscnaimh a bhfuil cuntas orthu inár Straitéis Cumarsáide a chur i gcrích, ag léiriú go héifeachtach dár saoránaigh na hiarrachtaí móra atá ar bun ag ár saoránaigh chun ár bhfís, misean, agus ár gcuspóirí straitéiseacha a thabhairt chun fíre.

Mar bhonn taca ag cuspóirí an phlean tá straitéis bainistíochta riosca réamhghníomhach agus córais láidre rialachais chorparáidigh. Déanfaimid tuilleadh oibre ar chultúr riosca san eagraíocht lena bhfeabhsófar rialachas corparáideach agus lena gcothófar feabhas leanúnach. Déanfar é sin trí chreat bainistíochta riosca láidir lena n-áirítear athbhreithniú rialta ar an gClár Riosca Chorparáidigh agus Cláir Riosca Roinne.

Is doiciméad dinimiciúil é an Plean Corparáideach a léiríonn ár dtiomantas don bharrmhaitheas, cuntasacht, agus oiriúnacht do riachtanais athraithe ár bpobail.

Comhaltaí Tofa

CB na hInse-Bhaile an Bhiataigh

Sharon Tolan Fine Gael

Paddy Meade
Fine Gael

Wayne Harding
Fianna Fáil

Geraldine Keogan
Neamh-Pháirtí

Carol Lennon
Neamh-Pháirtí

Stephen McKee
Fianna Fáil

Maria White
Sinn Féin

CB na hUaimhe

Edward Fennessy
Sinn Féin

Alan Lawes
Neamh-Pháirtí

Yemi Adenuga
Fine Gael

Francis Deane
Neamh-Pháirtí

Padraig Fitzsimons
Fianna Fáil

Linda Nelson Murray
Fine Gael

Emer Tóibín
Aontú

CB Chill Dhéagláin

Alan Toibin
Fine Gael

Suzanne Jamal
Fine Gael

Amanda Smith
Neamh-Pháirtí

Joe Bonner
Neamh-Pháirtí

Helen Meyer
Sinn Féin

Conor Tormey
Fianna Fáil

Comhaltaí Tofa

CB Cheanannais

Sarah Reilly
Fine Gael

Mike Bray
Fianna Fáil

Peter Caffrey
Sinn Féin

Eugene Cassidy
Fine Gael

Sean Drew
Fianna Fáil

Michael Gallagher
Sinn Féin

David Gilroy
Neamh-Pháirtí

CB Ráth Tó

Nick Killian
Neamh-Pháirtí

Caroline O'Reilly
Fianna Fáil

Fionnan Blake
Sinn Féin

Brain Fitzgerald
Neamh-Pháirtí

Maria Murphy
Fine Gael

Gerry O'Connor
Fine Gael

Gillian Toole
Neamh-Pháirtí

CB Bhaile Átha Troim

Aisling Dempsey
Fianna Fáil

Ronan Moore Na Daonlathaithe Sóisialta

Dave Boyne
Aontú

Padraig Coffey
Fianna Fáil

Joe Fox
Fine Gael

Noel French
Neamh-Pháirtí

Aguisín A: Straitéisí Tacaíochta

Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachas Corparáideach

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Cumarsáid	Chun a chinntiú go mbeidh ár gcumarsáid ionchuimsitheach agus inrochtana go hiomlán, cothóimid ceangal láidir agus dearfach lenár mbranda ina gcuirtear tairiscintí agus deiseanna uathúla na Mí chun cinn.	Straitéis Cumarsáide Chomhairle Chontae na Mí Straitéis Cumarsáide Digití Chomhairle Chontae na Mí Plean Gníomhaíochta Chomhairle Chontae na Mí Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur Chun Feidhme Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Chomhairle Chontae na Mí don Fhorbairt Eacnamaíoch Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne Straitéis Dhigiteach Chomhairle Chontae na Mí	Táscairí NOAC C3A agus C3B An líon iomlán den chumhdach náisiúnta agus áitiúil sna meáin An líon iomlán lorg, is maith liom, roinnt, atvuíteálacha le haghaidh feachtais réamhghníomhacha Taighde margaidh bliantúil agus/nó suirbhéanna custaiméirí Na gníomhaíochtaí atá sna doiciméid straitéise a thomhas	Amharc leathanaigh iomlán Per Capita ar an suíomh gréasáin 2023 - 9.37
	Chun cultúr cumarsáide nach bhfuil a shárú le fáil a chothú laistigh dár n-eagraíocht, cloífimid leis an bprionsabal maidir le 'Comhairle Amháin Guth Amháin', agus cinnteoimid comhsheasmhacht, soiléireacht, agus éifeachtacht inár dteachtaireachtaí.			Líon iomlán Lucht Leanúna Per Capita ag deireadh 2023 de na cuntais mheán sóisialta - 0.7
Sainordú Daonlathach	Éascóimid ról ceapadh beartais na gComhaltaí Tofa agus tacóimid leis na comhaltaí chun a sainordú daonlathach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear clár oiliúna cuimsitheach a chur chun feidhme agus úsáid mhéadaithe as seisiúin agus ceardlanna eolais.	Clár Oiliúna na gComhaltaí Tofa Clár Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh Scéim Leithdháilte Lánroghnach an Cheantair Bhardasaigh	An Líon Cruinnithe Reachtúla An líon cruinnithe agus ceardlann eolais neamhreachtúil Clár oiliúna a chur chun feidhme An líon leithdháiltí lánroghnacha a eisíodh	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	Feabhsóidh sí rannpháirtíocht an phobail agus ionchuimsiú i bpróisis chinnteoireachta áitiúla trí phrionsabail agus treoir chomhairliúcháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chun feidhme, chun an rialachas áitiúil a threisiú trí rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail a mhéadú i gcinnteoireacht.	Treoir na Roinne maidir le LRP	An líon comhairliúchán poiblí reachtúil An líon comhairliúchán poiblí neamhreachtúil An líon aighneachtaí chuig comhairliúchán poiblí reachtúil An líon aighneachtaí chuig comhairliúchán poiblí neamhreachtúil	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025

Bainistíocht Riosca	Creat bainistíochta riosca cuimsitheach a chinntiú ina gcumhdaítear gach gné oibriúcháin den eagraíocht agus ag a bhfuil tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta. Sa chreat seo sainaithneofar agus maolófar go réamhghníomhach rioscaí straitéiseacha seachtracha atá nasctha le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe, chomh maith le rioscaí inmheánacha, rud lena gcinnteofar feidhmíocht eagraíochtúil athléimneach agus inbhuanaithe.	Beartas maidir le Bainistíocht Riosca Creat Bainistíochta Riosca Cláir Riosca Plean Leanúnachais Gnó Coiste Bainistíochta Riosca Coiste um Shlándáil Faisnéise	Athbhreithniú leanúnach ar an gClár Riosca Chorparáidigh athbhreithniú leanúnach ar Chláir Riosca na Roinne	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	Cothóimid cultúr ina bhforáiltear don dea-chleachtas a chur chun feidhme, ceachtanna a foghlaimíodh, agus an saineolas a fuarthas ó ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta.		Cruinnithe leanúnacha den Choiste Bainistíochta Riosca Cruinnithe leanúnacha den Choiste um Shlándáil Faisnéise	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025

Rialachas Corparáideach	Cuirfimid 7 gcroí-phrionsabal an rialachais chorparáidigh chun feidhme mar a leagtar amach i gCód Rialachais an Rialtais Áitiúil.	Cód Rialachais an Rialtais Aitiúil Beartas Bainistíochta Riosca Comhairle Chontae na Mí Beartas RGCS Beartas maidir le Nochtuithe Cosanta Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis Reachtaíocht Chomhshaoil Cairt an Choiste Iniúchóireachta Cairt um Iniúchadh Inmheánach	An líon sáruithe sonraí An líon iarratas ar déileáladh leo laistigh de thréimhsí ama reachtúla An líon cinntí ar sheas OIC agus OIEC leo An líon cinntí ar sheas an tOmbudsman leo Tuairisceáin um Dhearbhú Eitice	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	A chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí reachtúla lena n-áirítear inter alia, RGCS, Nochtuithe Cosanta, Saoráil Faisnéise etc.			

Sláinte agus Sábháilteacht	Cultúr sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn atá leabaithe i ngach gné den eagraíocht.	Ceanglais an chláir oibre Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme faoi ISO 45001	Moltaí ó iniúchtaí ISO inmheánacha Moltaí ó iniúchtaí ISO seachtracha	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	Ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta a chur chun feidhme chun ár dtiomantas don tsláinte agus don tsábháilteacht a atreisiú agus a choimeád ar bun.		An líon teagmhas a tuairiscíodh don Fhoireann S&S An líon teagmhas a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta	

Seirbhísí do Chustaiméirí	Inrochtaineacht agus freagrúlacht a fheabhsú sa tseirbhís do chustaiméirí chun a chinntiú go gcomhlíonfar ár gCairt do Chustaiméirí agus go mbainfear sástacht custaiméirí amach.	Cairt do Chustaiméirí Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí	An líon Gearán a Fuarthas ó Chustaiméirí An líon cinntí ar sheas an tOmbudsman leo	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	An Chairt do Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí a athbhreithniú agus a chur chun feidhme chun seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.			

Imeachtaí Cathrach agus Corparáideacha	Tuiscint chultúrtha agus forbairt eacnamaíoch a fheabhsú trí thionscnaimh nasctha bailte a chur chun cinn.	Beartas Nasctha Bailte Beartas Comórtha Beartas um Dhámhachtain Chathrach Beartas um Dhámhachtainí CB	An líon Ainmniúchán do Dhámhachtainí CB An líon moltaí ón gCoiste Comórtha	Le háireamh mar chuid de ASDP 2025
	A chinntiú go ndéanfar bainistíocht agus cur i bhfeidhm éifeachtach ar Imeachtaí Corparáideacha, ar aon dul leis na spriocanna náisiúnta chun cáil agus stádas na Comhairle mar eintiteas gairmiúil a fheabhsú.			

Na hEalaíona

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
An Oifig Ealaíon	Seirbhís Ealaíon den scoth a sheachadadh agus rochtain mhéadaithe a thabhairt ar na hEalaíona, agus feasacht agus rannpháirtíocht mhéadaithe sna hEalaíona thar gach earnáil den phobal.	Plean Forbartha Ealaíon an Chontae	Spriocanna agus Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme Tosaíochtaí Straitéiseacha 1 - 4 Plean Forbartha Ealaíon	Le háireamh in ASDP 2025
		Creat-chomhaontú Chomhairle Chontae na Mí/na Comhairle Ealaíon 2019 - 2026	Gníomhaíochtaí comhaontaithe a chur chun feidhme de réir Chreat-chomhaontú Chomhairle Chontae na Mí/na Comhairle Ealaíon 2019 - 2026	Le háireamh in ASDP 2025
		Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta Éire Ildánach na Mí 2023 - 2027	Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme de réir Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta Éire Ildánach/na Mí 2023 - 2027	Le háireamh in ASDP 2025
	Plean Forbartha Ealaíon an Chontae a chur chun feidhme.	Cultúr DTCAGSM 2025		

Forbairt Pobail

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
An Rannóg Pobail	Tacaíocht a thabhairt chun an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail a bhunú agus Straitéis a fhorbairt don Chontae Athnuachan a dhéanamh ar an Straitéis áitiúil um Chomhtháthú Imirceach Athnuachan a dhéanamh ar Straitéis Aoisbhá an Chontae Athnuachan a dhéanamh ar Fhóram Míchumais Chontae na Mí Athnuachan a dhéanamh ar Phlean Cur Chun Feidhme PÁEP gach 2 bhliain	Comhaontas Aoisbhá an Chontae Fóram um Chomhtháthú Pobail agus Foireann um Chomhtháthú Údaráis Áitiúil CFPÁ agus PÁEP na Mí	An líon cruinnithe idirghníomhaireachta gach bliain An líon tionscnamh/imeachtaí a cuireadh ar bun go bliantúil Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le • Aoisbhá na Mí • an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail • Comhtháthú Imirceach • an Fóram um Chomhtháthú Pobail • Tuarascáil dhul chun cinn PÁEP	Le háireamh in ASDP 2025
An Rannóg Pobail	Plean Áineasa Faoin Spéir don Chontae a ghlacadh Plean Spóirt don Chontae a ghlacadh Éire Shláintiúil a athnuachan Straitéis Áitiúil le haghaidh Soláthar Chontae na Mí ar áiseanna caitheamh aimsire	Pleananna Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí agus cláir ORIS/CLÁR/Bailte agus Sráidbhailte CFPÁ agus PÁEP na Mí Clár Caipitil 3 bliana Maoiniú don Chlár Éire Shláintiúil	An líon tionscnamh/imeachtaí Sláinte de chuid na Mí a cuireadh ar siúl go bliantúil An méid maoinithe a bronnadh faoi Scéimeanna ORIS/CLÁR/Bailte agus Sráidbhailte nó DRCD	Le háireamh in ASDP 2025
An Rannóg Pobail	Deontais Phobail a fhógairt go bliantúil An comórtas bliantúil Mórtas Áite Gníomhaíochtaí pobail PÁEP na Mí a chur chun feidhme	Comhairle na nÓg SICAP Clár LEADER 23-27 Comhairle na Mí do Dhaoine Scothaosta LRP na Mí	An líon deontas pobail a ceadaíodh go bliantúil. An líon Deontas LEADER a cheadaigh LAG An líon Grúpaí a chláraigh le LRP na Mí An líon cruinnithe a bhí ag Comhairle na Mí do Dhaoine Scothaosta.	Scoileanna NOAC a chláraigh le Comhairle na nÓg 19 Chlárúchán le LRP NOAC 703

Gníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Comhshaoil & Uisce

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Bainistíocht Dramhaíola	A chinntiú go ndéantar dramhaíl a ghineann teaghlaigh agus gnólachtaí lena n-áirítear dramhaíl tógála agus scartála, a bhainistiú go sábháilte, go hinbhuanaithe, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach.	An Plean Gníomhaíochta Dramhaíola Náisiúnta le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030 ina bhféachtar lena chinntiú go ndéantar acmhainní a athúsáid nó a athchúrsáil a mhéid is féidir agus go laghdaítear giniúint dramhaíola a mhéid is féidir.	An líon gníomhaíochtaí a glacadh mar thaca leis na cuspóirí atá sna pleananna éagsúla ar leibhéal áitiúil nó i gcomhar le páirtithe leasmhara eile ar leibhéal Réigiúnach nó Náisiúnta.	An líon gearán a bhain le dramhaíl a dúnadh. An líon gníomhaíochtaí ón bplean a cuireadh i gcrích.
Bainistíocht Bruscair	Plean bainistíochta bruscair a dhéanamh agus áiteanna poiblí a choinneáil glan agus saor ó bhruscar agus rialacha maidir le sruthanna bruscair éagsúla a fhorfheidhmiú.	Scéim Monatóireachta Náisiúnta ar Thruailliú ó Bhruscar. Scoileanna Glasa, Feachtais Oideachais agus Feasachta.	Plean déanta. An céatadán limistéar a bhfuil leibhéil éagsúla de thruailliú ó bhruscar iontu. An líon gearán a fuarthas, gníomh forfheidhmithe a glacadh agus an líon cásanna ar cuireadh deireadh leo.	Spriocanna a leagadh síos sa Phlean R.M.C.E.I
Cáilíocht an Uisce	Uisce glan a sheachadadh atá riachtanach chun sláinte an phobail a chosaint, tacú le fás eacnamaíoch, ár n-éiceachórais nádúrtha a chosaint agus cuidiú chun ár n-oidhreacht uisce a chaomhnú do ghlúnta amach anseo.	Plean Gníomhaíochta Uisce 2024. Clár LAWPRO. Clár Uisce Tuaithe. Plean Cigireachta Náisiúnta do Chórais Cóireála Dramhuisce Tí.	An céatadán de sholáthairtí uisce príobháideacha beaga a chomhlíonann na caighdeáin. An líon dobharlach a gheobhaidh cosaint nó a gheobhaidh stádas maith ar ais faoi 2027.	Stádas dobharlach ag 2021.
Gníomhú ar son na hAeráide	An beartas aeráide náisiúnta a aistriú chuig tosca áitiúla, agus tús áite á thabhairt do bhearta fianaisebhunaithe agus dlús a chur fúthu agus ról níos leithne a ghlacadh maidir le cur ar chumas daoine eile an cuspóir aeráide a bhaint amach agus tionchar a imirt ar na daoine sin.	An tAcht um Gníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, Cuspóir Aeráide Náisiúnta agus an Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Mí 2024 – 2029.	Cur Chun Feidhme an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide; Feidhmíocht de réir Earnála.	Fardal Astaíochtaí Bonnlíne (Bliain Bhonnlíne 2018)
Plean Gníomhaíochta Aeir & Torainn	Cibé beart a mheastar is gá a dhéanamh chun truailliú aeir a chosc nó teorainn a chur leis. Cibé gníomh a mheastar is gá a dhéanamh chun truailliú ó thorann ó aon áitreabh, próiseas nó obair a rialú agus teorainn a chur leis.	Líonra monatóireachta Náisiúnta ar Cháilíocht an Aeir. Pleananna Gníomhaíochta Torainn faoin Treoir um Thorann ón gComhshaol.	Sonraí maidir le Cáilíocht Torainn agus Aeir. Léarscáileanna Straitéiseacha maidir le Torann, An Líon Stáisiún atá faoi bhun Straitéis an AE maidir le hAer Glan.	An stádas is déanaí maidir le Cáilíocht Aeir (EPA)
Cosaint an Chósta	An Staidéar ar Bhainistíocht Riosca ó Thuillte Cósta agus Creimeadh a Chur i gCrích. Ach maoiniú a bheith ar fáil - creimeadh cósta a bhainistiú lena n-áirítear cothabháil an chósta agus oibreacha éigeandála agus scéimeanna cosanta an chósta a bhainistiú.	Straitéis Náisiúnta Bainistíochta an Athraithe Cósta. Mionoibreacha um Maolú ó Thuillte agus Scéim Cosanta Cósta.	Na limistéir ina dtarlaíonn creimeadh cósta sainaitheanta agus maoiniú curtha ar fáil chun na hoibreacha is gá a dhéanamh.	Stádas CFERM
Rialuithe Ainmhithe & Bia	Gach ról reachtúil, comhairleach agus riaracháin a chur chun feidhme faoi shaindualgas na Comhairle maidir le húinéireacht fhreagrach ainmhithe agus an conradh seirbhíse a chur chun feidhme le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i dtaca le cosaint bia.	An tAcht um Rialú Madraí, 1986 agus an tAcht um Rialú Capall, 1996. Conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun rialuithe oifigiúla maidir le sábháilteacht bia a sholáthar.	Imscrúdú déanta ar ghearáin maidir le leas agus rialuithe ainmhithe agus clabhsúr curtha leo. Conradh seirbhíse i bhfeidhm agus tugtha cothrom le dáta de réir mar is gá.	Gearáin taifeadta
Reiligí	Tabhairt faoi chúraimí chun reiligí a sholáthar, a bhainistiú, a rialáil agus a rialú.	Clár Reiligí, Beartas maidir le Reiligí.	Reiligí nua nó síntí ar chinn atá ann cheana curtha chun cinn.	Clár Reiligí

Tithíocht

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Tithíocht	Tithíocht shóisialta a sheachadadh chun freastal ar na riachtanais a sainaithníodh	Straitéis Tithíochta na Mí – Tithíocht do Chách Plean Seachadta Seirbhíse Tithíochta	• NOAC • Spriocanna na Roinne a Bhaint Amach	Spriocanna á sárú i láthair na huaire
Tithíocht	Tógáil tithíochta sóisialta a uasmhéadú chun aonaid atá tógtha go hinbhuanaithe a sheachadadh	Plean Gníomhaíochta Seachadta Tithíochta na Mí Clár Tógála Caipitil Cuid V Seachadadh Tacaíocht AHB	• NOAC • Rianaire – Spriocanna • Tuairisceáin Ráithiúla	Mar atá thuas, táimid ag sárú ár spriocanna i láthair na huaire
Tithíocht	Tithíocht leordhóthanach agus iomchuí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas mar a sainaithníodh iad ar an liosta tithíochta.	Straitéis Míchumais 2022-2027	• An sprioc maidir le 15% de gach leithdháileadh don Mhíchumas a bhaint amach.	Ag 11% faoi láthair
Tithíocht	Cigireacht a dhéanamh ar an Stoc Údarás Áitiúil go bliantúil	Tithíocht do Chách	• Sprioc % de réadmhaoine a ndearnadh cigireacht orthu	Níl aon spriocanna leagtha síos do 2024 chun suirbhé a dhéanamh ar bhail an stoic. Suirbhéanna le tosú i mí DF 2024.
Tithíocht	Cigireacht a dhéanamh ar 25% de thionóntachtaí cónaithe príobháideacha go bliantúil	Tithíocht do Chách	• Cigireacht déanta ar 25% de réadmhaoine. • Spriocanna DHLGH comhlíonta.	Sprioc maidir le 1,850 cigireacht tosaigh atá bainte amach anois. 4,025 cigireacht iomlán déanta go dtí seo.

Tithíocht	Forbairt maidir le húsáid níos fearr as an stoc reatha chun an fháil atá ar aonaid atá ar fáil do thithíocht shóisialta a mhéadú	Clár Cothabhála Ciste Náisiúnta don Stoc Gan Áitiú	• % de thithíocht údaráis áitiúil gan áitiú; • An líon teach folamh • Am & costas athligin ar an meán.	Bíonn cruinnithe míosúla maidir le tithe folmha ar siúl chun an tréimhse athligin a laghdú. Déantar na leithdháiltí d'fhonn iarrataí ar aistriú a laghdú.
Tithíocht	Moltaí a chur chun feidhme le haghaidh roghanna tithíochta dár ndaonra atá ag dul in aois.	Clár Aoisbhá	• % de Leithdháiltí don daonra atá ag dul in aois • % de dheontais oiriúnaithe don daonra atá ag dul in aois • % de sheachadadh na n-aonad Aoisbhá.	28 Aonad Aoisbhá seachadta go dtí seo. 58 LAAWS curtha i gcrích. Iomlán 74 le cur i gcrích faoi dheireadh na bliana. 550 Deontas Oiriúnaithe Tithíochta ceadaithe go dáta.

Tithíocht	Soláthar agus maoirsiú ar sheachadadh cóiríochta gan dídean agus seirbhísí gaolmhara i gcomhthéacs Tithíocht do Chách	Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta Tithíocht ar dTús 2022-2026 Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine Réigiúnach do Lár an Oirthir 2024-2026	• An líon iarratas isteach agus amach • Coimeád Tionóntachtaí • Spriocanna Tithíochta a baineadh amach	23 tionóntacht faoi láthair. Soláthraí seirbhíse athraithe i lár an chláir. Uasmhéadóimid an seachadadh roimh dheireadh na bliana.
Tithíocht	Na hacmhainní agus an fócas iomchuí a chur in áit chun riachtanais chóiríochta phobal an Lucht Siúil a bhaint amach agus tacaíocht a thabhairt don Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil le haghaidh 2025-2029	Plean Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029	• PTF an Phlean Cóiríochta	Clár Cóiríochta nua á athbhreithniú faoi láthair. Obair idir lámha go hinmheánach chun riachtanais a shainaithint le haghaidh cóiríocht shonrach don lucht siúil.

Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine	Na gníomhaíochtaí a sainaithníodh faoi Chreat Straitéiseach AD d'earnáil an údaráis áitiúil a chur chun feidhme. Tacaíocht a thabhairt do phróifíl scileanna na heagraíochta trí Chláir do Chéimithe agus socrúcháin Phrintíseachta a fhorbairt. Cloí le hoibleagáidí reachtúla chun deireadh a chur le hidirdhealú agus comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.	• Straitéis Daoine • Plean Lucht Saothair Straitéiseach Chomhairle Chontae na Mí • Clár Oiliúna Chomhairle Chontae na Mí • Beartas Earcaíochta agus Roghnúcháin Comhairle Chontae na Mí	• Líon Fostaithe na hEagraíochta • An líon Coibhéisí Lánaimseartha • Coibhéisí Lánaimseartha per capita • An líon bliantúil a Thagann Isteach agus a Fhágann • An líon a théann ar scor • % bliantúil den fhoireann a athraíonn • An líon Laethanta Traenála ar an meán in aghaidh CL • Laethanta Oibre a Cailleadh de bharr Breoiteachta (% - deimhnithe agus féindeimhnithe) • Bearna Phá idir na hInscní	An líon fostaithe (Noll 2023): 956 An líon coibhéisí lánaimseartha (Noll 2023): 855.4 Coibhéisí Lánaimseartha per capita (Noll 2023): 1:258 Daoine a Tháinig Isteach (2023): 119 a d'Fhág an Eagraíocht (2023): 76 An líon a chuaigh ar scor (2023): 56 % bliantúil den Fhoireann a d'athraigh (2023): 8.4% An líon Laethanta Traenála ar an meán in aghaidh CL: 2.79 lá Laethanta Oibre a Cailleadh de bharr Breoiteachta (2023): 5,903 = 4.09% (3.69% – deimhnithe agus 0.4% féindeimhnithe) Bearna Phá idir na hInscní (2023): Bearna Phá idir na hInscní ar an Meán: 6.56%; Bearna Phá idir na hInscní ar an Meán: -0.31%

Córais Faisnéise

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Córais Faisnéise	Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun na cuspóirí i Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030 a bhaint amach.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030 a ghlacadh.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
		Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030.	% de na gníomhaíochtaí a ndearnadh dul chun cinn orthu.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
Córais Faisnéise	An fháil agus an úsáid a bhaintear as seirbhísí digiteacha ar líne, as bealaí seachadta féinseirbhíse agus as seirbhísí idirghníomhacha a mhéadú do shaoránaigh agus do chustaiméirí Chomhairle Chontae na Mí. Saoránaigh agus custaiméirí Chomhairle Chontae na Mí a spreagadh chun ár seirbhísí digiteacha a úsáid trína gcomhsheasmhacht a fheabhsú agus dearcadh daoine-bhunaithe a ghlacadh maidir lena ndearadh. A chinntiú go mbeidh fáil go héasca ar eolas agus ar sheirbhísí do chustaiméirí trí na bealaí is iomchuí.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030 (Seirbhísí Digiteacha). Ár Seirbhísí Poiblí a Dhearadh: Prionsabail dearthaa don Rialtas in Éirinn.	% de na seirbhísí ar líne is infheidhme.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon saoránach agus custaiméirí de chuid Chomhairle Chontae na Mí a úsáideann ár seirbhísí ar líne.	155,605 úsáideoir ar na meáin shóisialta (31/12/2023). 2,070,184 amharc carnach ar leathanaigh ar shuíomhanna gréasáin arna n-oibriú ag CCM (Ean-Noll. 23) Tuilleadh méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon feabhsúchán\ athruithe a rinneadh ar sheirbhísí digiteacha bunaithe ar aiseolas ó shaoránaigh agus custaiméirí.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon comhairliúchán dearthaa a bhíonn dírithe ar an gcustaiméir.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon gníomhaíochtaí straitéiseacha a cuireadh chun feidhme.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
Córais Faisnéise	Tacú leis an bhfoireann croí-phróisis ghnó a sheachadadh tríd an teicneolaíocht, na huirlisí digiteacha, réitigh dhigiteacha, agus na scileanna is gá a sholáthar chun idirghníomhú go hiomlán ar bhealach digiteach.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030 (Lucht Oibre Digiteach).	An líon seirbhísí cúloifige nua digiteacha a cuireadh chun feidhme.	12 phróiseas nua cúloifige digiteacha tugtha isteach 2024
			An líon tionscadal BPI ar tugadh fúthu sa Chomhairle.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon gníomhaíochtaí straitéiseacha a cuireadh chun feidhme.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
Córais Faisnéise	Deiseanna a lorg chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an bhealaigh a oibrímid trí réitigh theicneolaíochta sainaitheanta\ nuálacha a chur chun feidhme. Eolas a leabú mar phríomhshócmhainn de chuid na heagraíochta a bhfuil fiúntas ag baint leis agus a choinnítear agus atá inrochtana go héasca chun tacú leis an gcinnteoireacht ar gach leibhéal. An úsáid a bhaintear as sonraí geospásúla a mhéadú,	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030 (Córais Dhigiteacha).	An líon réiteach a cuireadh chun feidhme.	119 réiteach a bhain le GIS a cuireadh chun feidhme ó mhí Eanáir 2024. Tuilleadh méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			Fáil a bheith ar chórais agus ar bhonneagar.	99.90%
			% de spriocanna TFC a cuireadh i gcrích/a bhí idir lámha ó Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Mí.	Gach gníomhaíocht ar siúl
			An líon tionscadal anailísíochta sonraí agus deaiseanna digiteacha a cuireadh chun feidhme chun cuidiú le beartas agus treo.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.

	Córais Faisnéise Geografaí (GIS) agus mapáil agus deaiseanna a rolladh amach.		An líon gníomhaíochtaí straitéiseacha a cuireadh chun feidhme.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.

Córais Faisnéise	An riosca atá le cibirionsaithe a bhainistiú agus a laghdú agus cosaint a thabhairt in aghaidh dúshaothrú neamhúdaraithe na gcóras, na líonraí agus na dteicneolaíochtaí.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Caighdeáin Bonnlíne Chibearshlándála na hEarnála Poiblí.	An líon cibirthionscnamh ar tugadh fúthu laistigh den eagraíocht.	6 in 2024
			An líon beart maolaithe, gníomhaíochtaí straitéise agus gníomhaíochtaí caighdeáin bonnlíne a cuireadh chun feidhme.	7 in 2024

Córais Faisnéise	Anailís a dhéanamh ar threochtaí nua le féachaint mar atá siad ábhartha do ghníomhaíochtaí na Comhairle. Dul i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla fhorchéimnithe agus le heagraíochtaí eile na seirbhíse poiblí. Oibriú go gníomhach leis an earnáil chun smaointe agus réitigh a roinnt.	Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030.	An líon clár comhpháirtíochta a tionscnaíodh.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030.
			An líon deiseanna/réitigh Tógáil le Roinnt ar baineadh leas astu agus a cuireadh ar fáil.	1 in 2024

Córais Faisnéise	Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun na cuspóirí i Straitéis Dhigiteach na Mí a bhaint amach.	Straitéis Dhigiteach na Mí 2030. Straitéis Dhigiteach agus TFC Chomhairle Chontae na Mí 2030. Rialtas Áitiúil Digiteach: Ag Obair do Chách Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030 (Pobail Dhigiteacha).	An líon gníomhaíochtaí straitéiseacha a cuireadh chun feidhme.	Méadrachtaí bonnlíne oibriúcháin le cur isteach tar éis glacadh le Straitéis nua Dhigiteach agus na Mí 2030.

An tSeirbhís Leabharlainne

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
An tSeirbhís Leabharlainne (NOAC PI L1-L2)	A bheith mar phríomhsholáthraí na saoráidí foghlama ar feadh an tsaoil a sholáthraíonn seirbhísí liteartha, sóisialta agus cultúrtha don phobal tríd an tSeirbhís Leabharlainne.	Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid. Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027	A. An líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh gach cinn den daonra B. An líon míreanna a eisíodh d'iasachtaithe leabharlann C. Ballraíocht ghníomhach na leabharlann in aghaidh gach cinn den daonra D. An líon ball cláraithe sna leabharlanna E. Sonraí Chlár F i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil arna roinnt de réir an Daonra. F. An caiteachas bliantúil per capita ar bhailiúcháin G. An líon Mo Leabharlanna Oscailte	A. An líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh gach cinn den daonra don limistéar údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022: 1.71 (figiúirí 2023) B. An líon míreanna a eisíodh d'iasachtaithe leabharlann sa bhliain: 552,112 (figiúirí 2023) C. Líon ball gníomhach leabharlann in aghaidh an chinn daonra: 0.15 (figiúirí 2023) D. An líon ball cláraithe sna leabharlanna sa bhliain: 30,716 (figiúirí 2023) E. Sonraí Chlár F sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil le haghaidh 2023 arna roinnt de réir dhaonra an limistéir rialtais áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022: € 24.97 F. An caiteachas bliantúil per capita ar bhailiúcháin in 2023: € 1.75 G. An líon Mo Leabharlanna Oscailte: 2 (figiúirí 2024)
	Seirbhís leabharlainne poiblí ag a bhfuil flúirse acmhainní a fhorbairt a rannchuidíonn le féinleas sóisialta agus eacnamaíoch na bpobal	Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta Éire Ildánach na Mí 2023 - 2027		

Athghiniúint Tuaithe

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Croí Cónaithe	Dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le réadmhaoine Gan Áitiú /Tréigthe trí thacú le cur chun feidhme agus seachadadh Dheontas Athchóirithe Réadmhaoine Gan Áitiú de chuid Croí Cónaithe chun an úsáid a baineadh as na réadmhaoine reatha sin a athbhunú mar réadmhaoine cónaithe a bhféadfaí cónaí iontu	▪Lár Bailte Ar dTús ▪Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Gan Áitiú ▪Tithíocht do Chách	▪An líon iarratas ceadaithe ▪An líon aisghabhálacha ón Roinn	▪An líon iarratas ceadaithe i dtréimhse 12 mhí ▪An líon íocaíochtaí a fuarthas ar ais ón Roinn i dtréimhse 12 mhí
Tithe Gan Áitiú	Na cláir tacaíochta deontais iomchuí a sheachadadh, chun cuidiú le húinéirí réadmhaoine gan áitiú iad a chur ar ais ag obair/ i gcúrsaíocht mar réadmhaoine cónaithe (agus cíosa) inmharthana	▪Lár Bailte Ar dTús ▪ Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Gan Áitiú ▪ Tithíocht do Chách ▪Ceannaigh agus Athnuaigh ▪Deisigh & Léasaigh ▪Suirbhé ar Réadmhaoine Gan Áitiú	▪An líon Réadmhaoine ar an Liosta Réadmhaoine Gan Áitiú (curtha leis agus bainte de) ▪An Méid Teagmhála le hÚinéirí Réadmhaoine ▪An líon Réadmhaoine a cuireadh ar ais i gCúrsaíocht le haghaidh Úsáid Chónaithe ▪An líon Réadmhaoine a fuarthas	6 Ghníomhachtú CPO/CA ar a laghad in aghaidh na bliana
Láithreáin Thréigthe	Tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil d'úinéirí réadmhaoine tréigthe, chun deireadh a chur leis an tsaincheist maidir le tithe tréigthe ag an bhfoinse nó nuair a bhíonn easpa teagmhála ann ó na húinéirí, a chuireann leis an bhfadhb tríd an réadmhaoin a chur leis an gClár Láithreán Tréigthe agus an tÚdarás Áitiúil a bheadh in ann láithreáin a fháil sa todhchaí	Lár Bailte Ar dTús ▪Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Gan Áitiú ▪Tithíocht do Chách ▪Ceannaigh agus Athnuaigh ▪Cáin ar Láithreáin Thréigthe ▪Suirbhé ar Réadmhaoine Gan Áitiú	▪An líon Réadmhaoine ar an Liosta de Láithreáin Thréigthe (curtha leis agus bainte de) ▪An Méid Teagmhála le hÚinéirí Réadmhaoine ▪An líon Réadmhaoin a fuarthas ▪An líon Réadmhaoine a cuireadh ar ais i gCúrsaíocht le haghaidh Úsáid Chónaithe	6 Ghníomhachtú CPO/CA ar a laghad in aghaidh na bliana
Lár Bailte Ar dTús	Pleananna um Lár Bailte Ar dTús a sheachadadh agus Foirne Bailte le haghaidh Lonnaíochtaí roghnaithe	▪Lár Bailte Ar dTús ▪Tithíocht do Chách ▪LGMA ▪DRCD ▪TVRS ▪RRDF	▪An líon Pleananna Bailte a tugadh i gcrích ▪An líon Foirne Bailte a bunaíodh ▪An líon Scéimeanna a Sainaithníodh ▪An líon Scéim a Sainaithníodh a Seachadadh	1 Phlean TCF in aghaidh na bliana
Athghiniúint Tuaithe	Saoráidí agus Conláistí a Sheachadadh do Lonnaíochtaí i gContae na Mí	▪Lár Bailte Ar dTús ▪Tithíocht do Chách ▪Ranna Rialtais Éagsúla / Sruthanna Maoinithe ▪TVRS ▪URDF ▪RRDF ▪ORIS ▪CLÁR	▪An líon Pleananna Bailte a tugadh i gcrích ▪An líon Foirne Bailte a bunaíodh ▪An líon Scéimeanna a Sainaithníodh ▪An líon Scéim a Sainaithníodh a Seachadadh	▪An líon Iarratas Maoinithe a Ceadaíodh ▪An líon Scéimeanna a Cuireadh i gCrích
Saoráidí	Cothabháil / Cúram do Stoc Reatha Fhoirgnimh Chomhairle Chontae na Mí agus Foirgnimh Bhreise a Sheachadadh / Saoráidí ina n-aithnítear go bhfuil gá ann agus/nó gur féidir úsáid a bhaint as sa todhchaí	Acmhainní Dílse	▪Feabhsúcháin Éifeachtúlacht ar an Stoc Foirgneamh Reatha ▪Laghdaithe Billí Fóntais / Costais Reatha etc	▪An Líon Scéimeanna Uasghrádaithe a cuireadh i gcrích

Iompar

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Iompar (NOAC PI R1-R3)	A chinntiú go seachadtar clár oibreacha bóthair atá athléimneach agus inbhuanaithe do bhóithre nach bóithre náisiúnta iad sa chontae agus as a dtiocfaidh gréasán bóithre feabhsaithe bliain i ndiaidh bliana agus atá an-éifeachtach ó thaobh costais de.	Cothabháil ar Stair Oibreacha Cosáin; Fardal & Suirbhéanna den Dromchla Cosáin Bóthair (Meicniúil & Amhairc) Rátálacha san Innéacs ar Bhail Dromchlaí Cosáin (PSCI) do bhóithre réigiúnacha, príomhbhóithre áitiúla, agus bóithre tánaisteacha áitiúla. SMDW Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Beartais agus Treoirlínte Udaráis a Cheadú Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil	Rátálacha reatha a soláthraíodh san Innéacs ar Bhail Dromchlaí Cosáin (PSCI) Oibreacha Bóthair/Caiteachas	NOAC SO No 1, 2 4, 7
Iompar (NOAC PI R1-R3)	Oibriú i ndlúthchomhar le BII chun feabhas athléimneach agus inbhuanaithe agus cothabháil an ghréasáin bóithre náisiúnta a éascú	Maoiniú deontais bliantúil BII. Córas Cosáin Bainistíochta Sócmhainní BII. Bóithre tánaisteacha. Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Beartais agus Treoirlínte Udaráis a Cheadú Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil	Cláir bhliantúla comhaontaithe a sheachadadh.	NOAC SO No 1, 2 4, 7
Iompar (NOAC PI R1-R3)	Oibriú i gcomhar le gach forbróir, soláthraí fóntais agus gníomhaireachtaí rialtais chun forbairt leanúnach an chontae an éascú agus ár sócmhainní bonneagair á gcosaint an tráth céanna	Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Beartais agus Treoirlínte Udaráis a Cheadú Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil	RMO/ MRL	NOAC SO No 1, 2, 3, 4
Iompar (NOAC PI R1-R3)	Tionscadail a shainaithint agus a sheachadadh a thacaíonn chun contae a chruthú atá bríomhar agus inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch a chuireann ar chumas ár ndaoine agus ár ngnólachtaí dul i dtreis.	Straitéis Eacnamaíoch URDF RRDF THRIVE LSSIF CDP Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Beartais agus Treoirlínte Udaráis a Cheadú Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil	Tuairisceáin agus Tuarascálacha Bliantúla Comhlíonadh leis na Treoirlínte Bonneagair	NOAC SO No 1, 2, 3, 4, 5, 6,7
Iompar (NOAC PI R1-R3)	Líonra bonneagair ilmhódach a sheachadadh ar fud an chontae agus béim ar leith ar bhearta iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear chun críocha áineasa	Straitéis Iarnróid Uile-Éireann Straitéis Iompair GDA Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Beartais agus Treoirlínte Udaráis a Cheadú Seachadadh Seirbhíse Bliantúil An Plean Náisiúnta Rothaíochta Treoirlínte Glasbhealaí Straitéis Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha	Tuairisceáin Mhíosúla agus Ráithiúla Comhlíonadh leis na Treoirlínte Bonneagair	NOAC SO No1,2, 4, 5, 6,7

Iompar (NOAC PI R1-R3)	Ár Sócmhainní a Chosaint, a Bhainistiú agus a Bharrfheabhsú ar mhaithe leis an eagraíocht agus leis an bpobal.	Clár Sócmhainní Clár Cigireachta	Tuairisceán Míosúil agus Ráithiúil Clár Sócmhainní	NOAC SO No 1,2,3,7

Pleanáil

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline
Pleanáil (NOAC PI P1-P5)	Seirbhís pleanála den scoth a sholáthar trí gach iarratas pleanála a láimhseáil agus iarratais ar thoiliú rialaithe tógála ar bhealach gairmiúil, comhsheasmhach, cothrom agus trédhearcach	Ardleibhéal rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara – DoHLGH, An tÚdarás Réigiúnach, OPR, An Bord Pleanála, BII, NTA, Uisce Éireann etc.	An líon iarratas a próiseáladh laistigh den tréimhse ama reachtúil	An líon iarratas a próiseáladh tríd an Tairseach
		Cruinnithe réamhphleanála a chur chun cinn	An % iarratas a phróiseáiltear tríd an Tairseach Ríomhphleanála a mhéadú	
		Aird a tharraingt ar fheidhmiúlacht bhreise an Ríomhphleanála chun úsáid a chur chun cinn	% iarratas i gcás inar dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh (le héagsúlú nó dá uireasa)	
		Cinntí a fhoilsiú laistigh de sheachaint amháin agus fógra a thabhairt do gach tríú páirtí ar bhealach caoithiúil	Ráta bailiúcháin le haghaidh ranníocaíochtaí forbartha	
		Sonrasc a sheoladh chuig custaiméirí ar choinníollacha airgeadais agus ráitis rialta a eisiúint	An líon iarratas/tionscadal mórscála a ndearnadh dul chun cinn maidir leo	3 cinn in aghaidh na bliana ar a laghad
		Treoir a chur ar fáil maidir le Forbairtí Cónaithe Mórscála (LRD), Forbairt Bonneagair Straitéiseach (SID) agus Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) agus tionscadail straitéiseacha sheachtracha eile		
		Córas nua a fhorbairt chun go mbeifear in ann aighneachtaí maidir le comhlíonadh a rianú.		

Pleanáil	A chinntiú go ndéanfar forbairt éifeachtach, a bheidh pleanáilte i gceart agus inbhuanaithe, agus cothrom ar limistéir thuaithe agus uirbeacha lena seachadtar timpeallacht maireachtála agus oibre d'ardchaighdeán a chomhlíonann riachtanais na n-áitritheoirí uile	Monatóireacht ar Phlean Forbartha Chontae na Mí agus athruithe ar an bplean a bhrú chun cinn i gcás inar gá	Monatóireacht ar an bPlean curtha i gcrích agus foilsithe	Monatóireacht curtha i gcrích i gcomhréir leis an reachtaíocht
		Pleananna a ullmhú agus a ghlacadh le haghaidh lonnaíochtaí ar leibhéal níos airde	An líon pleananna a glacadh	3 phlean curtha chun cinn nó athbhreithnithe gach bliain
		Máistirphleananna agus Pleananna Réimse Poiblí breise a ullmhú, Pleananna/Tionscadail Straitéiseacha a chur chun cinn agus tacú le hobair na foirne TCF		
		Deiseanna a bhreithniú le haghaidh forbairt dírithe ar Iompar (TOD) i mórionaid uirbeacha		
		An Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe a Chur Chun Feidhme	Limistéar (ha) de thalamh criosaithe cónaithe a sainaithníodh ar léarscáil RZLT deiridh bliantúil atá faoi réir deimhniú tosaithe maidir le forbairt chónaithe.	
		Cur chun feidhme na Scéime um Chomhroinnt Luacha Talún (LVS)		

Pleanáil	Cigireacht Rialaithe Foirgníochta éifeachtach agus córas faireachais margaidh a sheachadadh	A chinntiú go mbeidh foirgnimh shábháilte agus inbhuanaithe i limistéir thuaithe agus uirbeacha trí mhonatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíonadh leis na rialacháin tógála agus rialú tógála uile	An líon foirgneamh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a bhfuair an t-údarás áitiúil fógra ina leith	An líon cigireachtaí a rinneadh
		Aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh leis na Rialacháin Foirgníochta tríd an bPlean Oibriúcháin um Rialú Foirgníochta.	An líon iarratas ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin	
		Gníomhaíocht maidir le Rialú Tógála agus Faireachas Margaidh i gcomhréir leis na critéir a theastaíonn ón Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh	Gníomhaíocht maidir le Rialú Tógála agus Faireachas Margaidh i gcomhréir leis na critéir a theastaíonn ón Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh	

Pleanáil	Déileáil go pras, go comhsheasmhach agus go cothrom le gach saincheist agus gearán a bhaineann le forfheidhmiú pleanála.	An scéim 'Triage' a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin maidir le forfheidhmiú agus tréimhsí ama reachtúla a bhaint amach chun gearáin a láimhseáil	% de chásanna forfheidhmithe pleanála a dúnadh (in aghaidh an líon cásanna a ndearnadh cigireacht orthu)	An líon cigireachtaí a rinneadh
		Gach gearán a fhaightear a chlárú agus dul chuig an Oifigeach Forfheidhmithe	Bunachar sonraí nua maidir le Forfheidhmiú a fhorbairt	
		Tús áite a thabhairt do ghearáin bunaithe ar acmhainní agus comhairlí dlí/thaithí dlí		

Pleanáil	Ár n-oidhreacht agus ár mbithéagsúlacht a bhainistiú agus a chosaint agus tuiscint, caomhnú agus an taitneamh a bhaintear as an dá cheann a chur chun cinn.	Clár oibre bliantúil a sheachadadh ó Phlean Oidhreachta agus Plean Bithéagsúlachta Chontae na Mí	An líon tionscadal oidhreachta atá idir lámha sa Chontae	An líon tionscadal a cuireadh i gcrích ar fud an Chontae
		Comhoibriú ar thionscadail agus tionscnaimh oidhreachta/caomhnaithe agus bithéagsúlachta	An líon tionscadal bithéagsúlachta atá idir lámha sa Chontae	
		Oibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara chun na cleachtais oidhreachta/caomhnaithe agus bithéagsúlachta is fearr a chur chun cinn	Maoiniú Oidhreachta agus Caipitil an Chontae a tharraingt anuas	

		Beartais a chur chun feidhme lena dtacaítear le lonnaíochtaí dlúithe agus inbhuanaithe, ag cinntiú go mbeidh cuspóirí comhshaoil (SEA & EIA) áirithe sna pleananna.		

Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireacht

Réimse Feidhme	Spriocanna Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne
Forbairt Eacnamaíoch	Cuirfear contae atá bríomhar agus inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch chun cinn a chuireann ar chumas ár ndaoine agus ar ngnólachtaí dul i dtreis	Lárionad Gnó don Sármhaitheas a Sheachadadh	Lárionad Gnó seachadta agus i mbun oibre	An lárionad ar oscailt do chliaint ó 2025
		Plean Rannpháirtíochta a ullmhú le príomhpháirtithe leasmhara	An líon cruinnithe a bhí ar siúl le príomhpháirtithe leasmhara	Cruinnithe leathbhliantúla le páirtithe leasmhara
		Próifíl Ghnó déanta don chontae	Anailís ghnó ar fáil de réir na hearnála	Sonraí ar fud an chontae ar fáil
		Talamh a fháil chun láithreáin seirbhísithe a sheachadadh	Talamh ceannaithe le haghaidh láithreáin seirbhísithe	Tailte breise faoi úinéireacht na Comhairle atá criosaithe le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe
Forbairt Eacnamaíoch	Éiceachóras a fhorbairt a thacaíonn le fás agus le cruthú gnólachtaí dúchasacha agus FBM i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara	Oibriú le Fiontraíocht Éireann chun líon na bpost le cliaint FÉ a mhéadú agus cuidiú le cuideachtaí ar a dturas onnmhairithe	Méadrachtaí ó oiliúint LEO agus tacaíochtaí deontais	Spriocanna FÉ le haghaidh táirgí agus seirbhísí LEO
			Gníomhaíocht Airgeadais – An líon deontas LEO a ceadaíodh	Spriocanna FÉ le haghaidh táirgí agus seirbhísí LEO
			Tionchar Eacnamaíoch – An líon post a cruthaíodh	Méadú 10% ar phoist do chliaint FÉ
		Pacáiste Tacaíochta do Tháirgeadh Gnó – fisiciúil agus digiteach		Pacáiste tacaíochta ar fáil
		Páirc ghnó a sheachadadh chun cuidiú le gnólachtaí dúchasacha leathnú		An líon acraí a ceannaíodh
		Tacú leis an earnáil miondíola ar fud an chontae agus tionscnaimh chun deiseanna margaidh a spreagadh i lár bailte móra	Méadú ar ioncam ó mhiondíol	3 Mhargadh ar siúl in aghaidh na bliana
Forbairt Eacnamaíoch	Láidreachtaí agus USPanna Mhargadh na Mí chun tarraingteacht an Chontae a mhéadú le haghaidh infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch	Treoir FDI na Mí a chruthú	Treoracha sonracha ullmhaithe do phríomhearnálacha	1 treoir in aghaidh na bliana
		Toscaireachtaí Trádála idirnáisiúnta dírithe ar an Earnáil	Toscaireacht Trádála ar siúl	1 toscaireacht trádála in aghaidh na bliana
		Oibriú leis an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) chun líon na bpost le cuideachtaí FDI a mhéadú	Tionchar Eacnamaíoch – An líon post a cruthaíodh	Méadú 10% ar phoist
		Tacú le forbairt Bhealach Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste	An líon cruinnithe le comhpháirtithe DBEC	Tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn
Forbairt Eacnamaíoch	Gnólachtaí Bia agus Agraibhia na Mí a chur chun cinn chun aistriú isteach i margaí nua agus i dteicneolaíochtaí nua	Gníomhaíochtaí i Straitéis Bhia 2024 - 2028 a chur chun feidhme	Méadú ar bhallraíocht in *Boyne Valley Flavours*	Méadú 20% a bhaint amach
		Imeachtaí "Buail leis an gCeannaitheoir" a sheachadadh	Éascaíocht déanta ar imeacht "Buail leis an gCeannaitheoir"	1 Imeacht Buail leis an gCeannaitheoir in aghaidh na bliana
		Inbhuanaitheacht agus nuálaíocht bhia a chur chun cinn	Cláir intéirneachta agus oiliúna bunaithe	2 shocrúchán intéirneachta éascaithe
		An Lárionad um Chultúr Bia a fhorbairt i nGleann na Bóinne agus cláir ghaolmhara	Forbairt déanta ar líonra den Lárionad um Chultúr Bia	Bunachar sonraí líonra náisiúnta
		Tacú le tionscadail chun cáilíocht uisce na Bóinne a fheabhsú agus a hilchríoch a chur chun cinn	Maoiniú LAWPRO faighte le haghaidh tionscadail feabhsúcháin na Bóinne	Tacaíocht faighte ag dhá thionscadal
Turasóireacht	An Mhí a shuíomh mar cheannaire láidir cinn scríbe don Turasóireacht ar feadh na bliana in Éirinn agus mar cheann de na príomh-chinn scríbe eispéireasacha ar domhan	Seachadadh ar phlean gníomhaíochta don Mhí bunaithe ar Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2024 - 2030 chun fás eacnamaíoch a chinntiú in Earnáil na Turasóireachta	Tháinig méadú ar ioncam ó thurasóireacht	Tháinig méadú ar an líon daoine atá fostaithe san earnáil agus ar an ioncam don chontae
			Na sonraí go léir maidir le líon na gcuairteanna gafa agus anailísithe agus roinnte le gach príomhpháirtí leasmhar	Athbhreithniú bliantúil déanta ar uimhreacha cuairteoirí
		Líonra láidir a bhunú chun naisc thrastionscail a chothú agus deiseanna idirnáisiúnta a fhás tríd an Mhí a chur ar taispeáint do cheannaitheoirí taistil idirnáisiúnta	Roinnt imeachtaí líonraithe eagraithe/freastal déanta orthu	Imeacht líonraithe turasóireachta ar siúl sa Mhí agus cuairt taispeána idirnáisiúnta curtha i gcrích
		Cumarsáid spreagthach agus láidir a fhorbairt a thugann inspioráid do chuairteoirí agus a chuireann am scíthe chun cinn	Tairiscintí turasóireachta comhaimseartha curtha chun cinn in éineacht le cinn scríbe an tSeanoirthir	Fás 10% ar an úsáid as Glasbhealaí agus as imeachtaí eile
			Úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht agus na cainéil mheán sóisialta a fhás	Fás 5% tagtha ar chainéil Mheán Sóisialta
		Eispéiris fheabhsaithe a fhorbairt do chuairteoirí agus tairiscintí éagsúla na turasóireachta (lena n-áirítear turasóireacht ghnó) laistigh den Chontae trí thurasóireacht inrochtana agus inbhuanaithe	An líon imeachtaí/tionscadal turasóireachta a fuair tacaíocht	Imeacht mór/comhdháil bhliantúil bhreise ar siúl in aghaidh na bliana
			Fás a chur ar an gclár féilte ar fud an chontae chun an séasúr a leathnú	Féile Cheilteach bunaithe timpeall ar Ghrianstad an tSamhraidh
		Oibriú le hOibreoirí Lóistín/ Forbróirí chun líon na leapacha sa Mhí a mhéadú	Tháinig méadú ar an líon leapacha sa Chontae, go háirithe i bpríomh-bhraislí turasóireachta straitéiseacha agus samhlacha cóiríochta inbhuanaithe éagsúla i gceist,	Roinnt roghanna leapacha breise agus leapa curtha ar fáil
		Oibriú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, NMS agus Oifig na nOibreacha Poiblí ar Mháistirphlean do Pháirc Náisiúnta Bhrú na Bóinne	Plean comhaontaithe le gach páirtí leasmhar maidir leis na 552 acra a fhorbairt ag Halla Dhubhadh mar Pháirc Náisiúnta	Máistirphlean curtha le chéile agus comhaontaithe
		An acmhainn le haghaidh eispéiris cuairteoirí ag suíomhanna cósta sa Chontae a uasmhéadú	Deiseanna le haghaidh eispéiris shonracha cois cósta ar fáil agus poiblíocht déanta orthu i measc chuairteoirí go dtí an Mhí	Cosán nó eispéireas nua le cósta i mbun feidhme

		An acmhainn atá ag sócmhainní agus tarraingtí uathúla na Mí a uasmhéadú, lena n-áirítear láithreáin oidhreachta, Glasbhealaí agus Teamhair	Tairiscintí eispéireasacha a fhorbairt sa chontae amhail féilire don Fhéile Cheilteach agus do Ghlasbhealach na Bóinne.	Dul chun cinn déanta ar thionscadail Fhéile na Teamhrach agus na Féile Ceiltí agus Glasbhealach na Bóinne

Aguisín B: Próiseas Comhairliúcháin

Ghlac Comhairle Chontae na Mí le próiseas comhairliúcháin an-chuimsitheach le linn dó an Plean Corparáideach a ullmhú, agus mar bhonn taca faoi bhí an tábhacht atá le machnamh a dhéanamh ar na cúig bliana atá caite chomh maith le straitéis a leagan amach do na chéad cúig bliana eile. Príomhghné dár gcur chuige ab ea seisiúin chomhairliúcháin a éascú le grúpaí éagsúla chun sraith leathan peirspictíochtaí agus ionchur a chinntiú.

Tugadh faoi sheisiúin éascaithe leis an bhFoireann Bainistíochta agus le Grúpa Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle

Éascaíodh ceardlann leis na Comhaltaí Tofa, agus cuireadh béim ar leith ar labhairt leis na Comhaltaí roimh na toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 2024. Ní hamháin gur cinntíodh leis sin go rabhamar i mbun machnaimh ar léargais na gcomhaltaí atá ar fónamh faoi láthair, ach bhíomar ag ullmhú freisin do pheirspictíochtaí nua a aistriú agus a áireamh tar éis an toghcháin

Oibríodh le príomhpháirtithe leasmhara tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP), lena n-áirítear cumainn cónaitheoirí, an comhaontú aoisbhá, Cultúr, agus gníomhaithe pobail

Ó na seisiúin sin, d'fhorbraíomar ár bhfís, ár misean, ár gcroíluachanna, agus ár gcuspóirí straitéiseacha.

Leis an mbunchloch sin leagtha bhí an bealach leagtha síos le haghaidh comhairliúchán iomlán ar na cuspóirí. D'eagraíomar grinncheardlann a bhí saincheaptha go speisialta dár gComhairle nua i ndiaidh na dtoghchán. Príomhchuspóir de chuid an tseisiúin sin ab ea tuiscint agus deimhniú a fháil maidir lena gcuid tosaíochtaí agus spriocanna as seo go ceann cúig bliana agus bhí sé ceaptha chun ár gcuspóirí meántéarmacha a ailíniú le huaillmhianta na Comhairle nua. Thugamar faoi shraith seisiún idirghníomhach agus plé i ngrúpaí, ag leagan síos an ardáin le haghaidh timpeallacht chomhoibríoch fhadbhreathnaitheach. Chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcur chuige, d'oibríomar go gníomhach le foireann uile na Comhairle agus le próiseas comhairliúcháin ar líne agus chuamar i gcomhairle leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP). Rinneamar é sin chun a chinntiú nach amháin go raibh ár straitéisí forbartha láidir agus go raibh bonn eolais maith fúthu ach go raibh siad cuimsitheach freisin agus gur thug siad léiriú i ndáiríre ar riachtanais agus uaillmhianta éagsúla ár bpobail. Trí raon leathan peirspictíochtaí agus aiseolais a ionchorprú, bhí sé mar aidhm againn braistint úinéireachta agus tiomantais a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara uile, rud lena neartófaí dá réir sin éifeachtacht agus tionchar ár dtionscnamh ar an bpobal trí chéile.

Ní hamháin gur bhain an próiseas comhairliúcháin forleathan seo le hionchuir a bhailiú ach bhain sé freisin le comhthoil a fhorbairt, an uilechuimsitheacht a chothú, agus a chinntiú go raibh ár dtreo straitéiseach ailínithe le riachtanais agus uaillmhianta gach páirtí leasmhar. Léiriú a bhí ann dár dtiomantas do chur chuige comhoibríoch fadbhreathnaitheach maidir le rialachas agus pleanáil straitéiseach.

Aguisín C: Ár nDualgas Earnála Poiblí

Tús Eolais

Cuireann Dualgas um Chomhionannas agus Chearta an Duine de chuid na hEarnála Poiblí ('an Dualgas') oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do chearta daonna na ndaoine sin a soláthraíonn siad seirbhísí agus foireann dóibh le linn dóibh a gcuid oibre a dhéanamh ó lá go lá. Leis an Dualgas cuirtear comhionannas agus cearta an duine i gcroílár an chaoi a gcuireann comhlachtaí poiblí, cosúil le Comhairle Chontae na Mí, a bhfeidhmeanna i gcrích.

Le linn do Chomhairle Chontae na Mí a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Dualgas úsáidfidh sí na treoirlínte athbhreithnithe a eiseoidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) agus an Cód Cleachtais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí. Tarraingeoidh ár gcur chuige freisin ar an taithí atá ag údaráis áitiúla eile maidir leis an Dualgas a chur chun feidhme.

Gníomhaíochtaí a Dhéanamh de Rúin

In 2020, ghlac Comhairle Chontae na Mí cur chuige trí chéim IHREC maidir le Dualgas um Chomhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme. Gheallamar:

- **Measúnú a Dhéanamh:** Saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann le haidhm agus feidhmeanna na heagraíochta a shainaithint.
- **Aghaidh a Thabhairt:** Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine.
- **Tuairisciú:** Tuairisciú ar fhorbairtí agus ar ghaiscí a eascraíonn as cur chun feidhme an Dualgais ar bhealach atá inrochtana don phobal.

Fuair cur chuige na Comhairle treoir ón obair atá déanta cheana féin ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil na Mí (CFPÁ) le linn dó a Ráiteas a ullmhú ar Chearta an Duine agus Comhionannas, mar chuid den Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil. Fuair an obair sin bonn eolais ó luachanna dínite, cuimsithe, ceartais shóisialta, daonlathais agus neamhspleáchais.

D'fhorbair Comhairle Chontae na Mí na pleananna agus na hacmhainní seo a leanas, atá ar fáil ag an nasc - www.meath.ie/council/your-council/corporate-governance/public- sector-equality-human-rights-duty

- Ráiteas um Chomhionannas agus Luachanna um Chearta an Duine;
- Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine: Plean/Fráma Ama Cur Chun Feidhme;
- Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine: Plean Cur Chun Feidhme 2021.

Rinne Comhairle Chontae na Mí measúnú ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sí a bhaineann lena feidhm agus lena haidhm i réimsí seirbhíse cosúil le Tithíocht, Pobal agus Aoisbhá.

Chuir Comhairle Chontae na Mí na beartais, pleananna agus gníomhaíochtaí seo a leanas i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreid sí atá ábhartha sna réimsí feidhme thuas:

Straitéis Tithíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas
www.meath.ie/council/council-services/housing/strategy-for- housing-people-with-a-disability

Straitéis Aoisbhá
www.meath.ie/council/council-services/community/older-people/meath-age-friendly-strategy

Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil
www.meath.ie/council/council-services/community/local-community-development/local-economic-and-community-plan

Nósanna Imeachta maidir le Deontais Phobail
www.meath.ie/council/council-services/community/community- grants-and-initiatives/community-grant-scheme

Foireann Tionscadal

Tá roinnt struchtúr agus ról ábhartha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Mí atá ábhartha go díreach, cosúil leis an Oifigeach Comhionannais, Oifigeach Rochtana, Foireann Seirbhíse do Chustaiméirí agus Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí, agus Oifigeach Gearán.

Athbhunófar foireann tionscadal tras-rannach in R1 2025 agus ina measc beidh go leor de na hoifigigh ainmnithe sin agus cuideoidh siad leis an gComhairle leanúint ag obair tríd an gcur chuige trí chéim, ag cuidiú chun a chinntiú go gcomhlíonaimid go hiomlán Dualgas na hEarnála Poiblí.

Forbrófar clár oibre chun na nithe seo a leanas a áireamh ann:

- Sainaithneofar réimsí ina dteastaíonn tuilleadh eolais nó comhairliúcháin chun measúnú a dhéanamh/aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine;
- Déanfar measúnú ar na gníomhaíochtaí is gá chun acmhainn na heagraíochta a fhorbairt ar mhaithe leis an Dualgas a chur chun feidhme;
